Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0264(BUD)**

**11427/23**
**ADD 1**

**FIN 739**
**INST 254**
**PE-L 24**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024: Seasamh ón gComhairle<br>– *Ráitis* |

## RÁITIS ATÁ LE CUR ISTEACH I MIONTUAIRISCÍ NA COMHAIRLE

### 1. Ráiteas maidir le híocaíochtaí

D'fhonn cur chun feidhme cuí chláir an Aontais a áirithiú agus méadú iomarcach RAL i mblianta deiridh an chreata airgeadais ilbhliantúil reatha a sheachaint, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de dhlúthfhaireachán gníomhach a dhéanamh, le linn na bliana 2024, ar chur chun feidhme na gclár (go háirithe i bhfo-cheannteideal 2a agus i bhForbairt Tuaithe).

Chuige sin, agus aird á tabhairt ar chruinneas réamhaisnéisí feabhsaithe na mBallstát i gcás inarb infheidhme agus ar an gcorrlach íocaíochtaí in DB 2024, arna spreagadh go príomha ag fo-cheannteideal 2a, tá sí ag dréim leis go ndéanfaidh an Coimisiún figiúirí nuashonraithe maidir le staid na gcúrsaí agus meastacháin maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2024 a thíolacadh go tráthúil.

Má léirítear sna figiúirí nach leor na leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad 2024 chun na riachtanais a bhfuil údar cuí leo a chumhdach, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún réiteach iomchuí a thíolacadh a luaithe is féidir, *inter alia* dréachtbhuiséad leasaitheach, d'fhonn go mbeidh an t-údarás buiséadach in ann aon chinntí is gá a dhéanamh a luaithe is féidir gan moill mhíchuí le haghaidh riachtanais a bhfuil údar cuí leo.

I gcás inarb infheidhme, cuirfidh an Chomhairle san áireamh práinn an ábhair, agus giorrú á dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine le haghaidh cinnidh má mheastar gur gá sin. Is amhlaidh an cás *mutatis mutandis* má léirítear leis na figiúirí go bhfuil na leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad 2024 níos airde ná mar is gá.

Déanfaidh an Chomhairle scrúdú cúramach ar an litir leasaitheach a bhaineann leis an talmhaíocht (lena n-áirítear faisnéis maidir le hioncam sannta) chun measúnú iomchuí a dhéanamh ar leibhéal na n-acmhainní faoi cheannteideal 3 (*Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol*) i mbuiséad 2024.

2. **<u>Ráiteas maidir le ceannteideal 7 (*Riarachán Poiblí Eorpach*)</u>**

Is díol sásaimh <u>don Chomhairle</u> cur chuige an Choimisiúin teorainn chothrománach a chur le caiteachas riaracháin na n-institiúidí uile d'fhonn an caiteachas faoi cheannteideal 7 a shrianadh. Molann an Chomhairle don Choimisiún an cur chuige cothrománach siméadrach a chur i bhfeidhm, ar bhealach comhionann i dtaobh na n-institiúidí uile, tráth ar bith a éilítear iarrachtaí comhchoiteanna le haghaidh coigeartuithe faoi cheannteideal 7.

Tugann an Chomhairle dá haire, áfach, nach leor bearta an Choimisiúin chun an uasteorainn a urramú mar a fhoráiltear sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha le haghaidh cheannteideal 7 in 2024, in ainneoin an ráitis ón gComhairle i mí Iúil 2022 inar iarradh ar an gCoimisiún na bearta uile a fhiosrú agus aon tograí iomchuí a thíolacadh chun an brú ar an gcaiteachas riaracháin a mhaolú.

Is oth leis an gComhairle go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún an Ionstraim Corrlaigh Aonair a úsáid chun an bhearna a chumhdach in ainneoin threoirlínte na Comhairle i mí an Mhárta chun a áirithiú nach sárófar na huasteorainneacha atá ann faoi láthair faoi cheannteideal 7 de CAI agus nach ndéanfar na hionstraimí speisialta a shlógadh le haghaidh an cheannteidil sin.

Cuireann an Chomhairle in iúl go dtugtar le fios san fhaisnéis is déanaí go bhféadfadh na paraiméadair a d'úsáid an Coimisiún agus na méideanna is gá don choigeartú tuarastail in 2024 á meas aige a bheith ró-ard. Má dhearbhaítear an méid sin sa litir leasaitheach atá ar na bacáin maidir le dréachtbhuiséad ginearálta 2024, tá an Chomhairle ag dréim leis go ndéanfar na méideanna nach mbeidh gá leo, ar an gcaoi sin, i gceannteideal 7 a thabhairt ar ais go hiomlán san Ionstraim Corrlaigh Aonair chun freastal ar riachtanais gan choinne le linn 2024.

I gcás ar bith, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún réitigh a lorg ar dtús nach n-éileodh úsáid ionstraimí speisialta i gcaiteachas faoi cheannteideal 7 in 2024.